**An Comhchoiste um Achainíocha ón bPobal agus um na hOmbudsmain.**

**125.** (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid Sheanad Éireann, chun bheith ina Chomhchoiste um Achainíocha ón bPobal, chun breithniú a dhéanamh ar an méid seo a leanas

(a) achainíocha ón bpobal a bheidh dírithe chuig Tithe an Oireachtais agus a bheidh arna dtarchur chuig an gCoiste de réir Bhuan-Orduithe 126 go 129, go huile;

(b) cibé nithe eile a tharchuirfidh Tithe an Oireachtais chuig an gCoiste; agus

(c) aon nithe gaolmhara eile.

(2) Féadfaidh an Coiste freisin breithniú a dhéanamh ar ní is díol imní nó spéise don phobal i gcoitinne i ndáil le cumhachtaí reachtacha Thithe an Oireachtais nó le saincheist beartais phoiblí: Ar choinníoll go rachaidh Cathaoirleach an Chomhchoiste, roimh thosach an bhreithnithe sin, i gcomhairle leis an gCoiste iomchuí arna bhunú de bhun Bhuan-Ordú 95.

(3) Seacht gcomhalta de Dháil Éireann a bheidh ar an mBuan-Choiste. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar comhalta de Dháil Éireann duine amháin díobh ar a laghad agus ar comhalta de Sheanad Éireann duine amháin díobh ar a laghad. Beidh Cathaoirleach an Chomhchoiste ina chomhalta nó ina comhalta de Dháil Éireann.

(4) Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gComhchoiste:

(a) na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, seachas míreanna (3), (6), (7), (10) agus (11) den Bhuan-Ordú sin; agus

(b) cumhacht chun aon ní a bheidh arna bhreithniú aige (agus ar cinneadh dóthain tábhachta a bheith leis chun go bhfuil gá le breithniú breise) a tharchur chuig an gComhchoiste iomchuí a bheidh arna cheapadh faoi Bhuan-Ordú 95 chun é a bhreithniú tuilleadh agus tuairisciú don Choiste.

(5) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Ordú 106, seachas mír (1) den Bhuan-Ordú sin, maidir leis an gComhchoiste.

(6) Féadfaidh an Comhchoiste dul i mbun plé leis an gCoiste um Achainíocha de chuid Pharlaimint na hEorpa, lena n-áirítear plé i ndáil le Tionscnamh Eorpach na Saoránach.

(7) Beidh sé ina threoir don Chomhchoiste nach mbreithneoidh sé aon ní a bheidh á bhreithniú ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí, nó ar thug an Coiste sin fógra faoi á rá go bhfuil beartaithe aige é a bhreithniú, i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoi Bhuan-Ordú 218 agus/nó Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

(8) Ullmhóidh an Comhchoiste clár oibre bliantúil agus tuarascáil bhliantúil, mar atá leagtha amach i mBuan-Ordú 100, agus leagfar iad faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais.

**Achainí a thaisceadh.**

**126.** (1) Féadfar achainí a dhíriú chuig Tithe an Oireachtais maidir le ní is díol imní nó spéise don phobal i gcoitinne i ndáil lena gcumhachtaí reachtacha nó le saincheist beartais phoiblí.

(2) Féadfaidh pearsa aonair, comhlacht corpraithe nó comhlachas neamhchorpraithe daoine achainí a thaisceadh.

(3) Luafar go soiléir in achainí—

(a) ainm an achainígh;

(b) seoladh de chuid an achainígh ar chóir gach comhfhreagras a bhaineann leis an achainí a sheoladh chuige; agus

(c) ainm agus seoladh aon duine atá ag tacú leis an achainí.

(4) Beidh gach achainí a dhíreofar chuig Tithe an Oireachtais arna tarchur chuig an gComhchoiste um Achainíocha on bPobal (dá ngairtear “an Coiste” sa Bhuan-Ordú seo agus i mBuan-Orduithe 127, 128 agus 129).

(5) Cinnfidh an Coiste, ó am go ham—

(a) foirm chuí achainíocha;

(b) an modh ar a dtaiscfear achainíocha leis na Tithe; agus

(c) cibé nithe eile i ndáil le hachainíocha a bhreithniú is cuí leis an gCoiste agus nach ndéantar foráil lena n-aghaidh ar shlí eile sna Buan-Orduithe seo.

**Inghlacthacht achainíocha.**

**127.** (1) Tá achainí inghlactha mura rud é—

(a) go n-iarrtar léi ar an Dáil aon ní a dhéanamh seachas ní a bhfuil cumhacht ag an Dáil é a dhéanamh;

(b) nach gcomhlíonann sí na Buan-Orduithe nó nach bhfuil sí i bhfoirm chuí ar shlí eile;

(c) go bhfuil sí *sub judice* de réir bhrí Bhuan-Ordú 69;

(d) go bhfuil teanga inti atá maslach nó ar de chineál clúmhillteach í;

(e) gurb ionann í agus achainí, nó go bhfuil sí i dtéarmaí atá go substaintiúil de shamhail achainí, a thionscain an duine céanna, an comhlacht corpraithe céanna nó an comhlachas neamhchorpraithe céanna, nó a tionscnaíodh thar a cheann nó thar a ceann, le linn shaolré na Dála sin agus a dúnadh le comhaontú an Choiste;

(f) go bhfuil sí suaibhreosach, cráiteach nó gur mí-úsáid ar an gcóras achainíocha í ar shlí eile; agus

(g) go gceanglaítear léi ar an gCoiste gearán aonair a bhreithniú ab ábhar do chinneadh ó Ombudsman, nó ó chomhlacht rialála poiblí nó comhlacht arna bhunú chun críche sásaimh.

(2) I ndáil le hachainíocha inghlactha, i gcás achainí ina bpléitear—

(a) le nithe áitiúla nó réigiúnacha; nó

(b) le nithe ar mó is cuí do chomhlacht rialála poiblí nó comhlacht arna bhunú chun críche sásaimh iad;

suífidh an Coiste gur úsáid an t-achainíoch na bealaí achomhairc nó sásaimh go léir atá ar fáil sula

mbreithneoidh an Coiste an ní.

(3) Breithneoidh an Coiste agus cinnfidh sé i gcás díospóide an bhfuil achainí inghlactha agus tabharfaidh sé fógra don achainíoch faoina chinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin.

**Gníomh a dhéanamh maidir le hachainíocha.**

**128.** (1) Má tá achainí inghlactha, déanfaidh an Coiste cibé gníomh is cuí leis i ndáil leis an achainí sin.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht mhír (1), féadfaidh an Coiste—

(a) an achainí a tharchur chuig Ombudsman nó chuig comhlacht rialála poiblí nó comhlacht arna bhunú chun críche sásaimh;

(b) an achainí a tharchur chuig aon Choiste eile is cuí leis, mar aon le hiarraidh go ndéanfar í a bhreithniú tuilleadh agus tuairisciú don Choiste; agus

(c) tuarascáil a thabhairt don Dáil mar aon le moltaí, lena n-áirítear iarraidh go ndéanfaidh an Dáil díospóireacht ar an tuarascáil.

(3) Tabharfaidh an Coiste fógra don achainíoch faoi aon ghníomh a dhéanfar faoi mhír (2).

**Achainíocha a dhúnadh.**

**129.** (1) Féadfaidh an Coiste achainí a dhúnadh aon tráth.

(2) I gcás go ndúnfaidh an Coiste achainí, tabharfaidh sé fógra don achainíoch go bhfuil an achainí dúnta agus faoi na cúiseanna ar dúnadh í.

**Tuarascáil Ombudsman a bhreithniú.**

**130.** I gcás nach ndéanfaidh Roghchoiste, faoi Bhuan-Ordú 95(8)(*b*), tuarascáil Ombudsman, nó cuid nó codanna di, a bhreithniú laistigh de thréimhse dhá mhí (gan tréimhsí sosa na Nollag, na Cásca nó an tsamhraidh a chur san áireamh) tar éis an tuarascáil a leagan faoi bhráid ceachtar Tí den Oireachtas nó faoi bhráid an dá Theach sin, cromfaidh an Coiste ar an tuarascáil Ombudsman, nó aon chodanna di nach mbeidh breithnithe ag an Roghchoiste, a bhreithniú.